Scoláireacht Teicneolaíochta

Tá scoláireacht, a mhairfidh suas le dhá bliain, á tairiscint ag Údarás na Gaeltachta do dhuine le Gaeilge líofa chun taithí phraiticiúil a fháil sa réimse oibre teicneolaíocht faisnéise.

Duine cumasach le cáilíocht 3ú leibhéal sa teicneolaíocht atá á lorg.
Beidh líofacht i labhairt na Gaeilge agus cruinneas i scríobh na Gaeilge ag an té a cheapfar.

Ní mór scileanna ríomhaireachta & scileanna teicneolaíochta / anailíseacha d'ardchaighdeán a bheith ag iarratasóirí. Bheadh eolas / tuiscint ar ghnóthaí teicneolaíochta, córais teicneolaíochta agus cumarsáide ina bhuntáiste.

Clár Oibre:

- Cothabháil agus monatóireacht ar na Seirbhísí Teicneolaíochta agus Faisnéise,
- Riarachán ar dheasc chabhrach na Rannóige Ríomhaireachta,
- Tacaíocht a chur ar fáil do na córais teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide,
- Modhanna agus lámhleabhar in úsáid na gcóras a scríobh,
- A bheith ar fáil mar fhoinse eolais agus cabhrach d'úsáideoirí,
- Bheith páirteach in aon togra nua chun iad a thabhairt chun cinn.

Beidh an duine a cheapfar lonnaithe in Ardoifig an Údaráis sna Forbacha, Co. na Gaillimhe, agus íocfar liúntas €23,000 - €25,000 leis an té sin.

Seol iarratas mar aon le CV trí Ghaeilge, chuig foluntais@udaras.ie nó

An Rannóg Acmhainní Daonna, Údarás na Gaeltachta, Na Forbacha, Co. na Gaillimhe.

Teil: 091 503100 Ríomhphost: : foluntais@udaras.ie

Is fostaitheoir comhionannais é Údarás na Gaeltachta agus is í an Ghaeilge a theanga oibre.